



Uimhir 25 de 1992

**AN tACHT UM CHOIMISIÚN TALÚN NA hÉIREANN
(DÍSCAOILEADH), 1992**

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

Alt

1. Léiriú.
 2. An Coimisiún a dhíscaoileadh.
 3. Dlíse an Choimisinéara Breithiúnais agus an Bhinse Achomhairc.
 4. Feidhmeanna áirithe de chuid an Choimisiúin nó na gCoimisinéirí Tuata a aistriú chun an Aire.
 5. Maoin a aistriú chun an Aire nó chun an Phríomh-Bhoird Iascaigh.
 6. Taifid a aistriú.
 7. Orduithe dílseacháin a chúlghairm.
 8. Talamh áirithe a fuarthas faoi na hAchtanna Talamh-Cheannaigh a dhiúscairt.
 9. Cúiteamh do Choimisinéir Tuata.
 10. Doiciméid áirithe a shéalú.
 11. Forálacha idirthréimhseacha.
 12. Rialacháin.
 13. Caiteachais.
 14. Gearrtheideal, forléiriú agus tosach feidhme.
-



Uimhir 25 de 1992

**AN tACHT UM CHOIMISIÚN TALÚN NA hÉIREANN
(DÍSCAOILEADH), 1992**

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN COIMISIÚN TALÚN
NA hÉIREANN A DHÍSCAOILEADH, CHUN AN CÓRAS
TALAMH-CHEANNAIGH A FHOIRCEANNADH, CHUN
FEIDHMEANNA ÁIRITHE IS INFHEIDHMITHE FAOI
NA hACHTANNA TALAMH-CHEANNAIGH A AISTRIÚ,
AGUS I dTAOBH NITHE COMHGHAOLMHARA EILE.
[11 Samhain, 1992]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—(1) San Acht seo—

Léiriú.

ciallaíonn “an Coimisiún” Coimisiún Talún na hÉireann;

ciallaíonn “Coimisinéir Tuata” Coimisinéir den Choimisiún seachas
an Coimisinéir Breithiúnais;

ciallaíonn “an tAire” an tAire Talmhaíochta agus Bia;

ciallaíonn “sealbhóir beag” duine is áititheoir ar ghabháltas ar dóigh
leis an Aire nach gabháltas eacnamaíoch é.

(2) San Acht seo, aon tagairt d’fho-alt is tagairt í don fho-alt den
alt ina bhfuil an tagairt mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’alt éigin
eile atá beartaithe.

2.—(1) Díscaoiltear an Coimisiún leis seo.

An Coimisiún a
dhíscaoileadh.

(2) Na cumhachtaí go léir a thugtar don Choimisiún leis na
hAchtanna Talamh-Cheannaigh chun talamh a cheannach nó a fháil
(ach amháin trí ghabháltais a mhalartú), nó chun gabháltais,
dáileachtaí nó tionóntachtaí a atógáil, scoirfidh siad de bheith
infheidhmithe.

3.—(1) Dílítear leis seo don Ard-Chúirt na dlínsí atá dlísithe
d’oifig an Choimisinéara Breithiúnais agus don Bhinse Achomhairc
agus déanfaidh Uachtarán na hArd-Chúirte nó, i gcás go n-ordóidh
sé amhlaidh, déanfaidh gnáthbheirtheamh den Ard-Chúirt, arna
shannadh chuige sin ag an Uachtarán sin, iad a fheidhmiú.

Dlínse an
Choimisinéara
Breithiúnais agus an
Bhinse Achomhairc.

[Uimh. 25.] *An tAcht um Choimisiún Talún na hÉireann (Discaoileadh), 1992.*

A.3 (2) Aon imeachtaí a bheidh ar feitheamh os comhair an Choimisinéara Breithiúnais nó an Bhinse Achomhairc, leanfar díobh os comhair na hArd-Chúirte de bhun *fho-alt (1)*, agus gach achomharc a bheidh ar feitheamh i gcoinne breithe ón gCoimisinéir Breithiúnais nó ón mBinse Achomhairc, leanfar de amhail is dá mbeadh an bhreith tugtha ag an Ard-Chúirt.

Feidhmeanna áirithe de chuid an Choimisiúin nó na gCoimisinéirí Tuata a aistriú chun an Aire.

4.—Feidhmeoidh an tAire, nó oifigeach don Aire a bheidh údaraithe de thuras na huaire chuige sin ag an Aire, cibé acu go sonrach nó faoi threoir aicme oifigeach den sórt sin, aon chumhacht nó dualgas a bheidh dílsithe le dlí don Choimisiún nó do na Coimisinéirí Tuata, a mhéid nach mbeidh sé sin ar neamhréir leis an Acht seo.

Maoin a aistriú chun an Aire nó chun an Phríomh-Bhord Iascaigh.

5.—(1) Gach talamh agus maoin eile a bhí, díreach roimh thosach feidhme an Achta seo, dílsithe nó forchoimeáda don Choimisiún beidh sé, ar an tosach feidhme sin, gan aon tíolacadh, sannadh ná aistriú—

(a) maidir le talamh agus le maoin eile (ach amháin cearta iascaireachta agus iascaigh), dílsithe don Aire, agus

(b) maidir le cearta iascaireachta agus le hiascaigh, dílsithe nó forchoimeáda don Phríomh-Bhord Iascaigh,

go feadh eastát nó leas uile an Choimisiúin faoi réir na n-iontaobhas agus na gcothromas, na gcúnant, na gcoinníollacha agus na srianta go léir a dhéanann difear don mhaoin, sa mhéid nach ndéantar iad a mhodhnú de bhua an Achta seo.

(2) Aon chearta iascaireachta agus iascaigh a gceanglófaí, murach an tAcht seo, ar iad a dhíol leis an gCoimisiún faoi na hAchtanna Talamh-Cheannaigh, iad a dhílsiú nó a fhorchoimeád don Choimisiún, beidh siad dílsithe don Phríomh-Bhord Iascaigh agus beidh aon chearta seilge eile dílsithe don Aire.

Taifid a aistriú.

6.—(1) Déanfar na taifid, na gníomhais agus na doiciméid eile go léir atá, díreach roimh thosach feidhme an Achta seo, taiscthe leis an gCoimisiún nó a gceanglófaí, murach an tAcht seo, iad a thaisceadh amhlaidh, a aistriú chun an Aire agus a thaisceadh leis, agus déanfaidh an tAire cibé socrúithe is cuí leis maidir lena gcoimeád.

(2) Aon cheart chun aon cheann de na taifid a iniúchadh nó chun seachadadh an chéanna nó cóipeanna de a fháil, beidh sé infheidhmithe in aghaidh an duine a bhfuil sé ina choimeád de bhua an ailt seo sa mhéid céanna agus ar an dóigh chéanna a bheadh sé infheidhmithe in aghaidh an duine a mbeadh sé, murach an t-alt seo, ina choimeád.

Orduithe dílseacháin a chúlghairm.

7.—(1) Féadfaidh an tAire le hordú, faoi réir an ailt seo, aon ordú dílseacháin faoi na hAchtanna Talamh-Cheannaigh lena ndílsítear talamh sonraithe (dá ngairtear “an talamh iomchuí” san alt seo) don Choimisiún, nó aon dearbhú ón gCoimisiún a bhfuil éifeacht ordaithe dílseacháin den sórt sin leis, a chúlghairm in aon chás nár ghlac an Coimisiún seilbh iarbhír ar an talamh iomchuí.

[1992.] *An tAcht um Choimisiún Talún na hÉireann (Díscaoileadh)*, 1992. [Uimh. 25.]

(2) Ar thosach feidhme ordaithe faoin alt seo beidh feidhm ag na A.7 forálacha seo a leanas:

- (a) maidir le teideal an duine óna bhfuarthas an talamh iomchuí chun na talún díreach roimh é a fháil, rachaidh sé, gan aon tíolacadh, sannadh ná aistriú, i bhfrithdhílse don duine sin nó, má d'éag an duine sin ó rinneadh an t-ordú dílseacháin nó an dearbhú, d'ionadaí pearsanta an duine sin;
- (b) aon dearbhú faoi na hAchtanna Talamh-Cheannaigh maidir le lá ceaptha i leith na talún iomchuí, measfar é a bheith cealaithe;
- (c) na héilimh agus na muirir go léir a d'astaigh den airgead ceannaigh an tráth a dílsíodh an talamh iomchuí, athastóidh siad den talamh;
- (d) aon suim a cuireadh i leataobh ar bhannaí talún a fhuascailt a eisíodh de bharr an t-ordú dílseacháin nó an dearbhú is ábhar don ordú a dhéanamh, agus aon ús a charnaigh ar na bannaí sin ar mhodh díbhinní, mar aon le haon ús taisce a charnaigh ar na díbhinní sin agus ar aon suim den sórt sin roimh an tosach feidhme sin, íocfar iad leis an Aire nó leis an Aire Airgeadais, de réir mar is cuí.

(3) Féadfaidh an tAire aon airgead a chaith an Coimisiún ar fhuascailt aon bhlianachta faoi na hAchtanna Talamh-Cheannaigh, nó aon suimeanna eile a bheadh, roimh thosach feidhme an Achta seo, iníoctha as an talamh iomchuí, a ghnóthú ón duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (2) (a)* (nó, de réir mar a bheidh, óna ionadaí pearsanta), agus chun na críche sin beidh na cumhachtaí gnóthaithe céanna aige atá aige i ndáil le riaráistí blianachtaí a ghnóthú faoi na hAchtanna sin.

(4) Déanfar fógra faoi gach ordú beartaithe faoin alt seo a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil* agus i nuachtán amháin ar a laghad a fhoilsítear agus a scaiptear sa chontae ina bhfuil an talamh suite nó, mura bhfuil aon nuachtán den sórt sin ann, i nuachtán laethúil a fhoilsítear sa Stát agus a scaiptear sa chontae sin.

(5) Féadfaidh an tAire, le hordú, ordú faoin alt seo a chúlghairm nó a leasú ach ní oibreoidh aon ordú den sórt sin chun an teideal a shrianadh a théann, de bhua an ailt seo, i bhfrithdhílse mar a fhoráiltear le *fo-alt (2)*.

8.—(1) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, faoi réir an ailt seo, aon talamh a dhíol nó a ligean ar léas ar feadh téarma cúig bliana nó níos mó agus aon mhaoin eile atá dílsithe don Aire faoin Acht seo a dhíol.

Talamh áirithe a fuarthas faoi na hAchtanna Talamh-Cheannaigh a dhiúscairt.

- (2) (a) Nuair a bheidh a chumhacht chun talamh a dhíol nó a ligean ar léas faoi *fo-alt (1)* á feidhmiú ag an Aire, beidh aird aige, a mhéid is féidir le réasún—
 - (i) ar mhian aon sealbhóra bhig, a bhfuil a ghabháltas suite i gcomharsanacht na talún, leas a fháil sa talamh, agus
 - (ii) faoi réir an chéanna, ar mhian aon iarúinéara, óna bhfuarthas an talamh go héigeantach, nó ar mhian a ionadaí phearsanta, an talamh a cheannach,

[Uimh. 25.] *An tAcht um Choimisiún Talún na hÉireann (Discaoileadh), 1992.*

- A.8 ach, in aon chás, beidh aird ag an Aire, nuair a bheidh talamh á dhiúscairt aige de réir an ailt seo, ar chuspóirí agus ar chríocha an iarChoimisiúin.
- (b) Chun críche an fho-ailt seo, folaíonn “comharsanacht” aon áit ar deimhin leis an Aire nach bhfuil sé thar cúig mhíle ón bpointe is gaire den ghabháltas iomchuí.
- (3) Déanfar fógra faoi gach díol nó léasú talún a bheartaíonn an tAire a dhéanamh, trí thairiscint, ceant poiblí nó gnóthaíocht phríobháideach, faoin alt seo, a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil* agus i nuachtán amháin ar a laghad a fhoilsítear agus a scaiptear sa chontae ina bhfuil an talamh suite nó, mura bhfuil aon nuachtán den sórt sin ann, i nuachtán laethúil a fhoilsítear sa Stát agus a scaiptear sa chontae sin.
- Cúiteamh do Choimisinéir Tuata. **9.**—(1) Féadfaidh an tAire, le comhthoilíú an Aire Airgeadais, cibé cúiteamh a mheasfaidh an tAire a bheith réasúnach a sholáthar, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas, do Choimisinéir Tuata, nó i leith Coimisinéara Thuata, a scoireann de bheith i seilbh oifige de bharr *alt 2* den Acht seo.
- (2) Beidh éifeacht leis an alt seo d’ainneoin aon achtacháin eile.
- Doiciméid áirithe a shéalú. **10.**—Más rud é, chun críche fheidhmiú aon chumhachtaí nó dualgas de chuid an Choimisiúin a aistrítear chun an Aire leis an Acht seo nó aon chumhachtaí nó dualgas a thugtar don Choimisiún leis na hAchtanna Talamh-Cheannaigh, gur gá doiciméad a shéalú, séalófar an doiciméad le séala an Aire.
- Forálacha idirthréimhseacha. **11.**—(1) I bhforléiriú agus chun críocha aon achtacháin nó aon ionstraimhe faoi nó aon bhreithiúnais, foraithe, ordaithe, dámhachtana, gníomhais, conartha nó doiciméid eile a ritheadh nó a rinneadh sula ndearnadh aon fheidhmeanna a aistriú de bhua an Achta seo ón gCoimisiún chun an Aire, déanfar, sa mhéid gur gá sin chun críche an aistrithe sin, teideal an Aire a chur in ionad theideal an Choimisiúin.
- (2) Aon ní a tosaíodh le stiúradh nó faoi stiúradh an Choimisiúin i ndáil le feidhm dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, féadfar é a sheoladh agus a chur i gcrích le stiúradh nó faoi stiúradh an Aire.
- (3) Más rud é, díreach roimh thosach feidhme an Achta seo, go mbeidh aon imeacht dlíthiúil ar feitheamh ar páirtí ann an Coimisiún, cuirfean an tAire in ionad an Choimisiúin san imeacht agus ní rachaidh an t-imeacht ar ceal mar gheall ar an ionadú sin amháin.
- Rialacháin. **12.**—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh i ndáil leis na nithe seo a leanas go léir nó le haon cheann díobh—
- (a) modhnú nó oiriúnú aon fhorála de na hAchtanna Talamh-Cheannaigh;
- (b) comhlíonadh aon fheidhmeanna a aistrítear chun an Aire leis an Acht seo;
- (c) aistriú aon mhaoine, ceart agus dlíteanas agus dúnadh aon chuntas, más rud é gur gá aon aistriú den sórt sin, i dtuairim an Aire, mar gheall ar aon fhoráil den Acht seo.

[1992.] *An tAcht um Choimisiún Talún na hÉireann (Díscaoileadh), 1992.* [Uimh. 25.]

(2) Gach rialachán a dhéanfar faoin alt seo leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhniú dá réir sin ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán. A.12

13.—Déanfar na caiteachais a thabhoíd an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas. Caiteachais.

14.—(1) Féadfar an tAcht um Choimisiún Talún na hÉireann (Díscaoileadh), 1992, a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal, forléiriú agus tosach feidhme.

(2) Forléireofar an tAcht seo agus na hAchtanna Talamh-Cheannaigh mar aon ní amháin agus féadfar é a lua leis na hAchtanna sin.

(3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire le hordú.